II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/1744 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Samhain 2020

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/796 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Bealtaine 2019 ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2019/796.

(2) An 30 Iúil 2020 ghlac an Chomhairle Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1125 ([2]), lena gcuirtear seisear daoine nádúrtha agus trí eintiteas nó comhlacht ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796.

(3) Tá faisnéis nuashonraithe faighte maidir le dhá liostú i dtaca le daoine nádúrtha.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/796 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Samhain 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

([1]) IO L 129I, 17.5.2019, lch. 1.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1125 ón gComhairle an 30 Iúil 2020 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/796 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit (IO L 246, 30.7.2020, lch. 4).

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad iontrálacha 1 agus 2 faoin bhfo-cheannteideal "A. Daoine nádúrtha":

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"1.	GAO Qiang	Dáta breithe: 4 Deireadh Fómhair 1983 Áit bhreithe: Shandong Province, China Seoladh: Room 1102, Guanfu Mansion, 46 Xinkai Road, Hedong District, Tianjin, China Náisiúntacht: Síneach Inscne: fireann	Tá Gao Qiang páirteach in "Operation Cloud Hopper", sraith cibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu agus a tháinig ó fhoinse lasmuigh den Aontas, agus ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit agus cibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu i gcoinne tríú Stáit. Dhírigh "Operation Cloud Hopper" ar chórais faisnéise cuideachtaí ilnáisiúnta i sé mhór-roinn, lena n-áirítear cuideachtaí atá lonnaithe san Aontas, agus d'éirigh leis rochtain neamhúdaraithe a fháil ar shonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, agus caillteanas suntasach eacnamaíoch ann dá dheasca. Is é an gníomhaí "APT10" ("Ardbhagairt Sheasmhach 10") (a.k.a. "Red Apollo", "CVNX", "Stone Panda", "MenuPass" agus "Potassium"), mar a thugtar air go poiblí, a chuir "Operation Cloud Hopper" i gcrích. Tá fianaise ann go bhfuil nasc idir Gao Qiang agus APT10, lena n-áirítear tríd an mbaint atá aige le bonneagar ceannasaíochta agus rialaithe APT10. Thairis sin, bhí Gao Qiang fostaithe ag Huaying Haitai, eintiteas atá ainmnithe mar gheall ar thacaíocht a thabhairt do "Operation Cloud Hopper" agus é a éascú. Tá naisc idir é agus Zhang Shilong, fear atá ainmnithe agus luaite le "Operation Cloud Hopper". Tá Gao Qiang bainteach, dá bhrí sin, le Huaying Haitai agus Zhang Shilong araon.	30.7.2020
2.	ZHANG Shilong	Dáta breithe: 10 Meán Fómhair 1981 Áit bhreithe: China Seoladh: Hedong, Yuyang Road No 121, Tianjin, China Náisiúntacht: Síneach Inscne: fireann	Tá Zhang Shilong páirteach in "Operation Cloud Hopper", sraith cibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu agus a tháinig ó fhoinse lasmuigh den Aontas, agus ar bagairt sheachtrach iad ar an Aontas nó ar a Bhallstáit agus cibirionsaithe a bhfuil éifeacht shuntasach acu i gcoinne tríú Stáit. Dhírigh "Operation Cloud Hopper" ar chórais faisnéise cuideachtaí ilnáisiúnta i sé mhór-roinn, lena n-áirítear cuideachtaí atá lonnaithe san Aontas, agus d'éirigh leis rochtain neamhúdaraithe a fháil ar shonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de, agus caillteanas suntasach eacnamaíoch ann dá dheasca. Is é an gníomhaí "APT10" ("Ardbhagairt Sheasmhach 10") (a.k.a. "Red Apollo", "CVNX", "Stone Panda", "MenuPass" agus "Potassium"), mar a thugtar air go poiblí, a chuir "Operation Cloud Hopper" i gcrích. Tá fianaise ann go bhfuil nasc idir Zhang Shilong agus APT10, lena n-áirítear trí na bogearraí mailíseacha a d'fhorbair sé agus a thástáil sé i ndáil leis na cibirionsaithe a rinne APT10. Thairis sin, bhí Zhang Shilong fostaithe ag Huaying Haitai, eintiteas atá ainmnithe mar gheall ar thacaíocht a thabhairt do "Operation Cloud Hopper" agus é a éascú. Tá naisc idir é agus Gao Qiang, fear atá ainmnithe i dtaca le "Operation Cloud Hopper". Tá Zhang Shilong bainteach, dá bhrí sin, le Huaying Haitai agus Gao Qiang araon.	30.7.2020".